# COSAIN an CÓIMHEAS sna Gaelscoileanna!

**Cad í an fhadhb?**
Tá an cóimheas daltaí le múinteoirí i ngaelscoileanna á ardú ag an Roinn Oideachais & Scileanna ó Mheán Fómhair na bliana seo. I roinnt cásanna, beidh ar scoileanna **20** páistí sa bhreis a mhealladh isteach chun na scoile chun líon na múinteoirí atá acu a choimeád. Aon uair a athraíodh an cóimheas daltaí le múinteoirí roimhe seo ní raibh ach 1-2 dalta i gceist mar dhifríocht!

**Cén fáth go raibh cóimheas níos fábharaí ag gaelscoileanna?**
Bhí bunús láidir oideachasúil agus teangeolaíochta leis an gcóimheas a bheith níos fábharaí. Cur chuige a bhí ann a d'aithin na dúshláin bhreise atá roimh na gaelscoileanna, dúshláin ar a n-áirítear cur i bhfeidhm curaclaim iomlán trí mheán na Gaeilge, agus éagothroime sna hacmhainní agus sna tacaíochtaí atá ar fáil do na scoileanna lán-Ghaeilge.

**An raibh an cóimheas níos fábharaí i bhfeidhm i ngach gaelscoil?**
Ní raibh, díreach i ngaelscoileanna le h-idir 3 agus 9 múinteoirí iontu, le tacú leo agus iad ag am criticiúil i bhforbairt na scoile.

**Bhí bunús oideachasúil leis an athrú seo mar sin?**
Ní raibh. Tá cinneadh na Roinne bunaithe ar réasúnaíocht airgeadais amháin seachas réasúnaíocht oideachasúil.

**Cén toradh a bheidh ar an gcinneadh seo?**
Caillfidh roinnt scoileanna múinteoir ranga amháin; i roinnt scoileanna, caillfear beirt mhúinteoir agus beidh ar an bPríomhoide Riaracháin filleadh ar ais ar an seomra ranga. Ardóidh líon na ndaltaí i ranganna agus beidh a lán ranganna meascaithe ann dá bharr.

**Nár aithin an *'Plean 20 Bliain don Ghaeilge'* ról lárnach na ngaelscoileanna?**
D'aithin.

**Tugtar tacaíocht chuí agus cothrom na féinne do na gaelscoileanna mar sin?**
Ní thugtar, faraor. Tá 75% de na scoileanna a bheidh thíos leis seo i gcóiríocht shealadach, cuid mhaith acu le blianta fada. Tá scoileanna i gceantair faoi mhíbhuntáiste ach nach bhfuil aitheantas mar scoileanna faoi mhíbhuntáiste acu in ainneoin go bhfuil an stádas sin ag scoileanna eile taobh leo. Ionsaí eile ar an nGaelscolaíocht atá sa chinneadh seo.

**Cad ata ag teastáil mar sin?**
An cinneadh leatromach seo a aisiompú láithreach agus cothrom na féinne a thabhairt don Ghaelscolaíocht.

**Tuilleadh eolais:** www.gaelscoileanna.ie

Gaelscoileanna

# PROTECT the P.T.R. in our Gaelscoileanna!

**What is the issue?**
The Department of Education and Skills is raising the Pupil-Teacher Ratio (P.T.R.) in gaelscoileanna from this coming September. In some cases schools will require **20** extra pupils to maintain their current staffing levels. Previous increases in the P.T.R. for all schools required an extra 1 or 2 pupils!

**Why did gaelscoileanna have a more favourable pupil-teacher ratio?**
There was a sound educational and linguistic basis for a more favourable pupil-teacher ratio which recognised the greater challenges facing small and developing gaelscoileanna, challenges which included implementation of a full curriculum through Irish and the inequalities pertaining to resources and other supports for these schools.

**This favourable pupil-teacher ratio applied to every gaelscoil?**
No, only to those with 3 to 9 teachers, to support them in the critical phase of their development.

**There was an educational basis for this change therefore?**
No. The Department's decision was based on a monetary rather than an educational basis.

**What will be the result of this decision?**
Many schools will lose one classroom teacher; in some cases two posts will be lost and administrative principals will have to return to the classroom. Class sizes will increase and many classes will have to be split and mixed as a result.

**The all-party *'20 Year Plan for Irish'* recognised the central role of gaelscoileanna, did it not?**
It did.

**So, gaelscoileanna have proper support and receive fair play?**
No, unfortunately. 75% of the schools affected by this decision are in temporary and/or unsuitable accommodation, many of them for a long period of time. Some schools in designated disadvantaged areas do not have the supports associated with having disadvantaged status despite neighbouring schools having such status. This decision is yet another attack on Irish-medium schools.

**What is required therefore?**
The immediate reversal of this oppressive decision and fair play for Irish-medium education.

**More information: [www.gaelscoileanna.ie](http://www.gaelscoileanna.ie)**

Gaelscoileanna